



Folúntas

Bainisteoir Forbartha Gnó

Coláiste Íosagáin, Baile Bhuirne

Conradh 3 bliana

Tá folúntas ag Seirbhísí Forbartha Gnó (DAC) fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, atá i bhfeighil togra straitéiseach chun forbairt a dhéanamh ar Choláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne, chun Bainisteoir Forbartha Gnó a earcú. Glacfar le hiarratais anois chun Bainisteoir Forbartha Gnó a cheapadh don chuideachta gníomhaíochta ainmnithe (DAC) ar chonradh trí bliana. Beidh bainistiú á dhéanamh ag an té a cheapfar ar chur i bhfeidhm phlean gnó an togra. Beidh sí/sé ag tuairisciú go díreach chuig Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt de chuid Údarás na Gaeltachta. Beidh ar an iarrthóir rathúil bainistiú, margaíocht agus forbairt a dhéanamh ar réimse seirbhísí na háise agus foireann a threorú chun an áis agus na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil ann a bhainistiú.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí institiúidí réigiúnacha chun plean forbartha straitéiseach ginearálta a aontú ag leibhéal réigiúnach chun Mol Digiteach Réigiúnach a bhunú i gColáiste Íosagáin mar chuid lárnach d'infreastruchtúr forbartha fiontraíochta.
- "Éiceachóras" fiontraíochta cuimsitheach a fhorbairt chun tacú le riachtanais forbartha agus fáis fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrithionscadail reatha ag leibhéal réigiúnach.
- Gnólachtaí nua-thionscanta agus reatha a éascú, a chothú agus a fhorbairt laistigh den dobharcheantar réigiúnach.
- Idirghabháil rithábachtach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaí na príomhspriocanna oibríocháin a bhaint amach chun fostaíocht nua agus deiseanna forbartha gnó a chruthú trí ghnólachtaí fiontraíochta nua a éascú agus a chothú agus cabhrú le gnólachtaí reatha forbairt agus leathnú a dhéanamh laistigh den dobharcheantar réigiúnach.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt na Gaeilge agus cruinneas i scríobh na Gaeilge;
- Cáilíocht tríú leibhéal sa ghnó nó a chomhionann de cháilíocht;
- 5 bliana ar a laghad de thaithí cháilíochta chuí iarchéime;
- Taithí bhainistíochta chuí agus ábaltacht oibre cruthaithe a léiriú maidir le tacú le comhlachtaí nua-thionscanta agus cabhrú leo táirgí, seirbhísí agus margaí nua a fhás agus a fhorbairt;
- Taithí chuí i bhforbairt gnó a léiriú agus a bheith in ann margaíocht a dhéanamh agus fiontair oiriúnacha a mhealladh go hionad fiontraíochta gnó;
- Taithí agus tacar sainscileanna chun príomhchaidrimh ghnó a bhunú le hinfheisteoirí ón earnáil phríobháideach, leis na gníomhaireachtaí forbartha, leis na comhlachtaí poiblí agus le geallsealbhóirí áitiúla, réigiúnacha agus leis an bpobal i gcoitinne, a léiriú;
- Taithí ar a bheith ag obair le geallsealbhóirí éagsúla ar thograí tógála.

Íocfar scála tuarastail idir €55,000 - €58,000 sa bhliain thar na tréimhse trí bliana i gceist. Beidh na hamanna oibre solúbtha chun freastal ar riachtanais na gcliant.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. Dé Máirt, 25ú Bealtaine 2021.**

Is fostóirí comhionannas deiseanna iad Seirbhísí Forbartha Gnó (DAC) agus Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a dteanga oibre.

Tá maoiniú faighte ó Fhiontraíocht Éireann don togra seo.